Tuarascáil na gCuideachtaí 2007

Curtha faoi bhráid an Oireachtais de réir fhorálacha
Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

BROLLACH

Is í seo an dara Tuarascáil is ochtó sa tsraith agus déanann sí cur síos i bhfoirm achomair ar na príomhathruithe a tháinig ar chóras reachtaíochta na gcuideachtaí i 2007 agus tuairiscíonn sí ar ghníomhaíochtaí na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí a oibríonn i réimse dhlí na gcuideachtaí.

Go luath in 2007, d'fhoilsigh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta an Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí. Is é réasúnaíocht bhunúsach an Bhille ná cor iomaíoch na hÉireann mar ionad le haghaidh infheistíochta i ngnó a fheabhsú. Le comhdhlúthú, nuachóiriú agus leasú an dlí féachtar le cothromaíocht a chinntiú idir reachtáil laethúil gnó a shimpliú agus ag cinntiú i gcónaí go gcomhlíontar ceanglais reachtúla. Cuimseoidh an Bille gach gné de Dhlí Cuideachtaí lena n-áirítear corprú cuideachtaí, rialachas corparáideach, ráitis airgeadais, foirceanta, comhlíonadh agus forfheidhmiú agus tá na forálacha curtha le chéile ar bhealach loighciúil agus comhtháite. Thug an Rialtas ceadú in Iúil chun tús a chur le dréachtú an Bhille.

Rinneadh naoi n-ionstraim reachtúla le linn na bliana lena n-áirítear na Rialacháin um Chuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais, a fhorálann ionstraim nua dhlíthiúil atá bunaithe ar dhlí CE a ligeann do chuideachtaí Cuideachta Eorpach a fhoirmiú – ar a dtugtar a hainm Laidine: 'Societas Europeae' (SE). Beidh SE ábalta oibriú ar bhonn uile-Eorpach agus beidh sé faoi rialú dlí an Chomhphobail a bhaineann go díreach le gach Ballstát.

Chuir taighde margaidh a rinne an Oifig Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) in iúl go bhfuil dul chun cinn dearfach déanta le blianta beaga anuas maidir le cultúr gnó na hÉireann a athrú ó chultúr neamhchomhlíonta go cultúr a chomhlíonann Achtanna na gCuideachtaí go ginearálta. B'ábhar suntais ar leith é an 89% den sampla stiúrthóirí, cuntasóirí agus leachtaitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, a thuairiscigh comhlíonadh níos fearr le dlí cuideachtaí le cúig bliana anuas.

Tharla an chéad chéim de dílárú na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) go Ceatharlach in Iúil 2007 agus thosaigh 32 ball foirne ag oibriú in oifig nuathógtha ansin. Lean Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) lena chlár chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialála agus monatóireachta na gcomhlachtaí cuntasóireachta forordaithe (IAASA).

Tá eolas mionsonraithe ar gach gníomhaíocht a dhéanann an ODCE, an CRO agus an IAASA le fáil ina dtuarascálacha bliantúla agus ar a láithreáin gréasáin a ndéantar tagairt dóibh i rannáin ábhartha na tuarascála seo.

John Mc Guinness T.D.
Aire Trádála agus Tráchtála

Clár

Cuid A

Caibidil 1 Forbairtí Reachtaíochta....3

Caibidil 2 Leasú ar Dhlí na gCuideachtaí....6

Caibidil 3 Feidhmeanna Reachtúla an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta....8

Cuid B

Caibidil 4 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí....11

Caibidil 5 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach....14

Caibidil 6 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann....17

Caibidil 7 Painéal Táthcheangail na hÉireann....19

Caibidil 8 Stocmhalartán na hÉireann....21

Caibidil 9 Eorairéiteach an Ríocht Aontaithe & Éire (EUI)....27

Aguisíní

Aguisín 1 Míniúchán ar na Téarmaí a Úsáidtear sa Tuarascáil....29

Aguisín 2 Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar 31 Nollaig 2007....31

Aguisín 3 Scéimeanna Comhinfheistíochta....34

Aguisín 4 Teagmhálacha úsáideacha sa Roinn maidir le nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí....35

Caibidil 1 Forbairtí Reachtaíochta

Reachtaíocht Thánaisteach

Rinne an tAire na hionstraimí reachtúla seo a leanas a bhaineann le nithe dlí cuideachta le linn 2007.

I.R. Uimh. 6 de 2007 **– Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2007**
Is é cuspóir an ordaithe seo ná foirmeacha a chúlghairm a úsáidfear chun críocha fhorálacha áirithe Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 agus foirmeacha athsholáthair a fhorordú a úsáidfear chun críocha na bhforálacha sin.

I.R. Uimh. 21 de 2007 **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) 2007, agus**
I.R. Uimh. 22 de 2007 **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) (Foirmeacha) 2007**
Tugann na Rialacháin seo feidhm do Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 ar an Reacht um Chuideachta Eorpach. Tugann an Rialachán CE rogha do chuideachtaí a bhfuil leas tráchtála acu i níos mó ná Ballstát amháin Cuideachta Eorpach a bhunú ar a dtugtar a hainm Laidine ‘Societas Europaea’ (SE) go foirmiúil. Mar thoradh ar an Reacht um Chuideachta Eorpach, bíonn sé níos fusa do chuideachtaí leathnú agus bainistíocht a dhéanamh ar oibriúcháin trasteorann gan líonra fochuideachtaí a bhunú.

[Áiríonn an Reacht um Chuideachta Eorpach Treoir 2001/86/CE ar pháirteachas oibrí arna thrasuí ag I.R. Uimh. 623 de 2006 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) (Páirteachas Fostaithe) 2006]

I.R. Uimh. 23 de 2007 **– An tOrdú faoin Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 (Tosach Feidhme) 2007**
Socraíonn an tOrdú seo an 29ú d’Eanáir 2007 mar an dáta ar a dtiocfaidh an tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 atá sonraithe san Ordú i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 49 de 2007 **– Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007**
Thug na rialacháin seo feidhm do **Threoir 2003/58/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 a leasaigh **Treoir ón gComhairle 68/151/CEE**, maidir le ceanglais nochta i leith cineálacha áirithe cuideachtaí. Is í sprioc na Treorach ná teacht níos éasca agus níos sciobtha ar eolas faoi chuideachta a chinntiú don phobal agus gnásanna nochta a bhfuil ceangal ar chuideachtaí a chomhlíonadh a shimpliú. Éascaíonn sé comhdú agus teacht ar eolas faoi chuideachta ar mhodh leictreonach agus forálann sé comhdú deonach aistriúchán deimhnithe ar dhoiciméid chuideachta a comhdaíodh i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar atá éigeantach. Cuireann sé le ceanglais reatha nochta eolais maidir le foirmeacha litreach agus ordaithe chuig a leithéid de chumarsáid trí mhodh leictreonach nó trí aon mhodh eile agus chuig láithreáin gréasáin cuideachtaí.

I.R. Uimh. 61 de 2007 – An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 (Tosach Feidhme) 2007.
Shocraíonn an tOrdú seo an 1ú Márta, 2007 mar an dáta ar a dtagann Alt 37(a), (b), (c) agus (e) d'Acht 2003 i bhfeidhm. Leasaíonn Alt 37 Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Is é is ábhar don leasú ná fairsingiú na gceanglas ag fo-alt (5) d'alt 194 i ndáil le cionta féideartha indíotáilte mar shampla, ceangal a chur ar iniúchóirí tuilleadh eolais a chur ar fáil, mar aon le leabhair agus doiciméid a chur ar fáil don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

I.R. Uimh. 277 de 2007 **- Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007**
Tugann na rialacháin seo, i dteannta le Cuid 3 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 agus rialacha áirithe a fhéadfadh an t-údarás inniúil (an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) a dhéanamh faoi rialachán 40(3) de na Rialacháin, feidhm do Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 ar chomhchuibhiú na gceanglas trédhearcachta i ndáil le heolas ar eisitheoirí a n-admhaítear a gcuid urrús a thrádáil ar mhargadh rialaithe agus tugann siad feidhm fosta do Threoir 2007/14/CE ón gCoimisiún a leagann síos rialacha mionsonraithe do chur i bhfeidhm fhorálacha áirithe Threoir 2004/109/CE.

I.R. Uimh. 286 de 2007 – **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007**
Beidh na rialacháin seo i bhfeidhm in ionad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stocmhalartán) 1984 (I.R. Uimh. 282 de 1984), mar a rinneadh a leasú thar na blianta, agus a áiríonn leasuithe a éiríonn de dhroim fhorfheidhmiú i ndlí na hÉireann Threoir 2004/109/CE ar chomhchuibhiú na gceanglas trédhearcachta i ndáil le heolas ar eisitheoirí a n-admhaítear a gcuid urrús a thrádáil ar mhargadh rialaithe. Aisghaireann na Rialacháin seo Ailt 89 go dtí 96 d'Acht na gCuideachtaí 1990 fosta de dheasca Alt 32(5) de Threoir 2004/109/CE.

I.R. Uimh. 832 de 2007 – **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) (Leasú) 2007**

Tugann na Rialacháin seo feidhm do **Threoir 2007/16/CE**. Forfheidhmíonn an Treoir ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 **Treoir ón gComhairle 85/611/CEE** ar chomhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) maidir le soiléiriú sainmhínithe áirithe. Baineann na sainmhínithe seo leis na sócmhainní incháilithe a ndéanann UCITS infheistíocht iontu.

Bearta reachtacha an AE nár trasuíodh i nDlí na hÉireann faoi dheireadh 2007

Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 **an 22 Iúil 2003 ar an Reacht um Chomharchumann Eorpach (SCE).**

(Táthar ag dúil go dtrasuífear na bearta seo in 2008).

Treoir 2005/56/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 ar chumaisc thrasteorann cuideachtaí atá teoranta ó thaobh dliteanais**
(Trasuíodh an Treoir ar 27 Bealtaine 2008)

Treoir 2006/68/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 a leasaíonn Treoir 77/91/CEE ón gComhairle maidir le bunú cuideachtaí poiblí atá teoranta ó thaobh dliteanais agus cothabháil agus athrú a gcuid caipitil.**
(Trasuíodh an Treoir ar 3ú Aibreán 2008).

Treoir 2006/43/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 ar iniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, a leasaíonn Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus a aisghaireann Treoir 84/253/CEE ón gComhairle. (8ú Treoir)**
(Spriocdháta trasuite - 29 Meitheamh 2008).

Treoir 2006/46/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 a leasaíonn na Treoracha ón gComhairle** 78/660/CEE **ar chuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí,** 83/349/CEE **ar chuntais chomhdhlúite,** 86/635/CEE **ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile agus** 91/674/CEE **ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite gnóthas árachais.**
(Spriocdháta trasuite - 5 Meán Fómhair 2008).

Treoir 2007/63/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 a leasaíonn Treoracha 78/855/CEE agus 82/891/CEE ón gComhairle maidir le ceanglais thuarascáil saineolaí neamhspleáigh i gcás chumasc nó roinnt cuideachtaí poiblí atá teoranta ó thaobh dliteanais.**
(Spriocdháta trasuite – 31 Nollaig 2008)

Glacadh go foirmiúil le Treoir 2007/36/CE **ar fheidhmiú chearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe in Iúil 2007.**
(Spriocdháta trasuite: *Lúnasa 2009)*

Is féidir cóipeanna den reachtaíocht a cheannach go díreach ó Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais, Trádstóras Foilseachán Rialtais, Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto, Baile Átha Cliath 8 nó tríd an bpost ó Foilseacháin an Rialtais, An Rannóg Tráchtála Poist, 4/5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Guthán: (01) 6733515 fo-líne 4040/4045; Facs: (01) 6476843.

Tá téacs iomlán na nAchtanna, na nIonstraimí Reachtúla agus na Rialachán a bhaineann le cuideachtaí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ***www.entemp.ie*** *nó is féidir iad a fháil ar láithreán gréasáin Thithe an Oireachtais* ***www.oireachtas.ie*** *nó ar láithreán gréasáin Oifig an Ard-Aighne* ***www.attorneygeneral.ie****.*

Caibidil 2 Leasú ar Dhlí na gCuideachtaí

Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí

Feidhmíonn Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí (CLRG) trí chóras coistebhunaithe, atá stiúrtha ag Grúpa Stiúrtha níos lú, agus a fhaigheann tacaíocht ó choistí tiomnaithe atá comhdéanta chun iniúchadh níos mionsonraithe a dhéanamh ar réimsí téamacha aonair. Ba iad an dá phríomhghníomhaíocht a bhí ag an CLRG in 2007 ná Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí agus Clár Oibre 2007, mar a shocraigh an tAire Trádála agus Tráchtála. Tá comhaltas den CLRG comhdhéanta de chleachtóirí dlí cuideachta, rialtóirí agus comhlachtaí ionadaíocha agus tá sé faoi chathaoirleacht an Dr. Thomas Courtney, Comhpháirtí, Arthur Cox Solicitors.

An Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí

D'fhaomh Coiste Iomlánach an CLRG Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí in Eanáir 2007 agus cuireadh Tuarascáil an CLRG ar an Scéim Ghinearálta faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin, T.D. agus foilsíodh í i mBealtaine 2007. Is féidir teacht ar théacs iomlán na Scéime Ginearálta, mar a d'ullmhaigh an CLRG, mar aon le Tuarascáil an CLRG, ar láithreán gréasáin an CLRG ag **www.clrg.org**

Ar 25 Iúil 2007 d'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí, mar a d'ullmhaigh an CLRG, le haghaidh dréachtaithe ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte. Táthar ag dúil go mairfidh an dréachtú tuairim is 18 mí.

Déanfaidh Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí na 13 Acht Cuideachta reatha a chomhdhlúthú, mar aon le rialacháin agus forálacha dhlí choitinn eile a bhaineann le corprú agus feidhmiú cuideachtaí, in aon Acht amháin, a chuimsíonn thart ar 1263 alt. Go hachomair, cuimsíonn na forálacha corprú cuideachtaí, rialachas corparáideach, dualgais stiúrthóirí agus rúnaithe, ráitis airgeadais agus iniúchóirí, glacadóirí, atheagraithe agus scrúdaitheoireachtaí, foirceannadh cuideachtaí agus comhlíonadh agus forfheidhmiú. Tá na forálacha curtha le chéile ar bhealach comhtháite a dhéanfaidh éascaíocht do dhaoine gnó cuideachtaí a ionchorprú agus a fheidhmiú ar bhonn laethúil.

Déanann an Bille nuachóiriú ar dhlí na gcuideachtaí chun cleachtas nua-aimseartha gnó a léiriú. As siocair gur 'cuideachtaí príobháideacha atá faoi theorainn scaireanna' iad 90% de chuideachtaí in Éirinn faoi láthair, leagfaidh an chéad chuid den Bhille amach na forálacha ar fad a bhaineann leis an gcineál sin cuideachta. Sa dara cuid, tá na forálacha do 'chuideachtaí príobháideacha' mionathraithe i gcomhair cineálacha eile cuideachtaí, amhail cuideachtaí poiblí teoranta (PLCanna).

Tá sé i gceist ag an mBille próiseas bunaithe agus feidhmithe cuideachta atá faoi réir ráthaíochtaí áirithe do scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a shimpliú. Le comhlíonadh an dlí a chur chun cinn agus le hinfheisteoirí agus creidiúnaithe a chosaint, leagfaidh an Bille amach go sonrach dualgais rialachais chorparáidigh stiúrthóirí, rúnaithe cuideachta, iniúchóirí etc.

Leagfaidh sé amach feidhmeanna na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corpáraideach agus Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus tugann sé na forálacha a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú le chéile, mar shampla, fiosrúcháin cuideachta, orduithe comhlíonta agus cosanta, orduithe nochta, dícháiliú agus srian ar stiúrthóirí agus ionchúiseamh, cionta agus gnéithe fianaiseacha.

Clár Oibre 2007

Bhí clár fairsing gnó ag an CLRG freisin faoina chlár oibre do 2007, mar ar tharchuir an tAire Trádála agus Tráchtála chuige. D'fhonn cloí lena chlár oibre, chuir an CLRG cúig fhochoiste ar bun mar a leanas:

Fochoiste A: Saincheisteanna Cláraithe agus Corpraithe
Fochoiste B: Dlí Comhpháirtíochta
Fochoiste C: Saincheisteanna Iniúchta agus Airgeadais
Fochoiste D: Saincheisteanna Comhlíonta agus Forfheidhmithe
Fochoiste E: Saincheisteanna Nuachóirithe

Tugann Tuarascáil 2007 an CLRG anailís agus moltaí ar na 26 saincheist a bhí mar chuid de Chlár Oibre 2007 an Ghrúpa. Tá an Tuarascáil á breithniú faoi láthair ag an Aire.

Caibidil 3 Feidhmeanna Reachtúla an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tá roinnt feidhmeanna eile ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tugann an Chaibidil seo tuairisc ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna seo in 2007.

Imscrúduithe Cuideachtaí arna leanúint faoi Alt 34 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachta 2001

Tagraíonn sé seo d'imscrúduithe cuideachtaí a bhí á ndéanamh ar theacht i bhfeidhm an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachta 2001 agus a raibh freagracht ag an Aire as fós. Ag tús 2007, bhí trí imscrúdú dá leithéid á ndéanamh ar Guinness & Mahon (Ireland) Ltd., College Trustees Ltd. agus Hamilton Ross Co. Ltd. Maidir leis na himscrúduithe ag deireadh 2007 bhí an próiseas chun eolas ábhartha agus cúnamh a d'eascair ó na himscrúduithe seo a thabhairt do na húdaráis ábhartha reachtúla fós ar siúl.

Cuideachtaí díolmhaithe ó shonraí stiúrthóirí a thaispeáint ar pháipéar ceannteidil

Sonraítear in alt 196 d'Acht na gCuideachtaí 1963 go gcaithfear sonraí a bhaineann le stiúrthóirí a thaispeáint ar gach litir gnó de chuid cuideachta. In imthosca áirithe, d'fhéadfaí go gceadófaí díolúintí.

Léiríonn an Tábla seo líon na gcuideachtaí a bhí díolmhaithe ó shonraí a thaispeáint le cúig bliana anuas:

	2003	2004	2005	2006	2007
Cuideachtaí Díolmhaithe	4	0	3	2	5
Iarratas a Diúltaíodh	5	4	4	9	4

Réamheolairí do Scéimeanna Méadaithe Gnó (BES)

Is í feidhm an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le cistí BES ná a chinntiú go soláthraíonn an réamheolaire agus an t-ábhar poiblíochta a bhaineann le ciste an t-eolas atá ag teastáil ó infheisteoirí féideartha chun cinneadh oibiachtúil a dhéanamh nuair a bhíonn siad ag brath ar infheistíocht a dhéanamh i gciste áirithe.

Faoi alt 5 den Acht um Chistí Infheistíochta Ainmnithe 1985, ní mór don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta téarmaí an réamheolaire agus téarmaí an ábhair poiblíochta eile a fhaomhadh do gach ciste, agus déileálann na Coimisineirí Ioncaim le cúrsaí cánach. Éilíonn Acht 1985 go gcaithfidh na ráitis seo a leanas a chur i ngach réamheolaire:

(i) ráiteas maidir leis an riosca
(ii) ráiteas nach mbeidh aon dliteanas ar an Aire
(iii) ráiteas nach mbeidh aon cheart faoisimh de bharr fhaomhadh an Aire amháin
(iv) ráiteas gur chóir d'infheisteoir féideartha comhairle ghairmiúil a lorg roimh infheistíocht a dhéanamh i gciste.

Ar deireadh, is é an t-infheisteoir atá freagrach as bona fides ciste áirithe a mheas.

Faomhadh sé iarratas in 2007 mar a leanas:

Ainm	Luach an Chiste	Iontaobhaithe	Bainisteoir	Táille an Bhainisteora
The 2007 Simple.ie Green BES Fund	€3m (íos) €10m (uas)	IFG Trust Company Limited	BVP Investments Limited	**4%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2007 Pinnacle BES Fund	€2m (íos) €10m (uas)	Irish Managed Companies Limited	Pinnacle Capital Partners Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2007 Managed Growth BES Fund	€3m (íos) €10m (uas)	Computershare Investor Services (Ireland) Limited	Borradh Teoranta	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2007 Goodbody FGS BES Fund	€5m (íos) €10m (uas)	Goodbody Pensioneer Trustees Limited	Goodbody Alternative Investment Management Ltd.	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2007 Davy BES Fund	€3m (íos) €10m (uas)	Capita Corporate Trustees Ltd	BES Management Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The Mianach BES Fund 2007	€2m (íos) €5m (uas)	Capita Corporate Trustees Ltd	Mianach Limited	**4%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta

Comhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta

Éascaíonn an tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994 arna leasú ag Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 cineál scéim comhinfheistíochta ar a dtugtar comhpháirtíocht theoranta infheistíochta. Forálann Alt 44 den Acht go n-ullmhóidh Banc Ceannais & Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú a bhfeidhmeanna faoin Acht agus go gcuirfidh siad faoi bhráid an Aire í.

Thuairiscigh Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don Aire nár údaraigh sé aon chomhpháirtíocht theoranta infheistíochta nua ar bith le linn 2007. Údaraíodh dhá

chomhpháirtíocht i 1996. Rinne Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann an dá údarú seo a chúlghairm ar 31 Nollaig 2007.

Rúnaithe ar Chuideachtaí Teoranta Poiblí

Cuireann alt 236 d'Acht na gCuideachtaí 1990 dualgas ar stiúrthóirí PLC gach beart réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil eolas agus taithí leordhóthanach ag rúnaí na cuideachta chun feidhmeanna rúnaí a chomhlíonadh mar atá leagtha síos san Acht. Forálann an t-alt seo gur féidir leis an Aire aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí ábhartha chun críche an ailt. Tá an Institiúid um Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte (ICSA) aitheanta ag an Aire. Níl sé éigeantach go mbeadh rúnaí plc ina chomhalta/comhalta de chomhlacht aitheanta.

Bhí 37,862 comhalta san iomlán san Institiúid ar fud an domhain ar an 31 Iúil 2007.

	Ar fud an Domhain	**In Éirinn**
Comthaigh agus Ánraí	37, 826	583
Céimithe*	4,309	82

Tabhair faoi deara nach féidir leis an Institiúid idirdhealú a dhéanamh níos mó idir Comthaigh agus Ánraí ar fud an domhain mar gheall ar athruithe ar mhodhanna bailiúcháin na sonraí seo. As na 583 Comthach agus Ánra atá in Éirinn, is Comthaigh iad 429 acu agus is Ánraí iad 154 acu.

* ciallaíonn céimí duine don Ghairm a bhfuil na ceanglais oideachais comhlíonta aige/aici ach nach bhfuil na critéir eile a bhaineann le comhaltacht a bhaint amach comhlíonta aige/aici fós.

Thuairiscigh an Institiúid nach bhfuarthas aon ghearán i dtaobh comhalta ar bith in Éirinn i 2007; dá bharr sin, níor glacadh aon ghníomh araíonachta.

Caibidil 4 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

*Tá a Thuarascáil Bliantúil féin foilsithe ag an gCláraitheoir ar láithreán gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) **www.cro.ie**. Seo a leanas an achoimre a thugann an CRO ar na príomhfhorbairtí in 2007:*

Réamhrá

Is é Ráiteas Misin an CRO ná:

> *comhdú ardleibhéil de na tuairisceáin ar mithid dóibh a bheith comhdaithe a chinntiú, agus ar fhaisnéis ar na tuairisceáin sin a phróiseáil go tapa leis an dearbhú go gcomhlíonann an fhaisnéis atá tugtha dúinn na forálacha reachtúla ábhartha agus go réitíonn an fhaisnéis a sholáthraimid leis an méid atá curtha ar fáil dúinn.*

Tá trí chuid sa ráiteas sin mar atá: Ionchur**,** ag iarraidh ar chuideachtaí na tuairisceáin a chomhdú ar mithid dóibh a chomhdú; Aschur, ag cinntiú go mbíonn fáil réidh ag an bpobal ar na doiciméid sin; agus Cáilíocht, ag féachaint leis go mbeidh na doiciméid comhlánaithe mar is ceart a mhéid is féidir agus go soláthraíonn an CRO eolas cruinn freisin.

Ionchur

Is é an príomhthomhas comhlíonta ná líon na gcuideachtaí a bhfuil eolas cothrom le dáta acu ag aon am amháin maidir le comhdú a dtuairisceáin bhliantúil agus a gcuntas bliantúil. Ar mhaithe leis an Tuarascáil Bhliantúil déantar an figiúr sin a thomhas ar 31 Nollaig. Bhí díomá orainn mar gheall ar an dul chun cinn faoin gceannteideal seo in 2007. Bhí figiúr de 88.5% ar 31 Nollaig 2007 i gcodarsnacht le 88% bliain roimhe sin. Bhí ioncam ó phionóis chomhdaithe dhéanaigh fós ard ag €17.9 milliún. Is laghdú é sin áfach ar an €20.7 milliún ón mbliain roimhe. Leanfaidh an CRO lena iarrachtaí chun neamh-chomhlíonadh agus chun pionóis comhdaithe dhéanaigh a laghdú.

Aschur

Is féidir doiciméid a fhaightear go leictreonach a chur ar fáil go réidh le haghaidh iniúchta.
In 2007, comhdaíodh 125,000 tuairisceán go leictreonach, méadú de 50% ar an bhfigiúr ón mbliain seo caite. B'ábhar misniúil é go raibh líon na dtuairsiceán ard ag deireadh na bliana go háirithe, rud a thug dóchas dúinn go leanfar leis an bhfás in 2008. Má choinnítear na céatadáin chéanna a bhí againn sa ráithe dheireanach de 2007 is féidir bheith ag dréim le méadú eile de 30% nó níos fearr in 2008.

Le linn 2007 scanadh an chuid eile de na doiciméid ó na blianta roimh 1990 ar an gcóras íomháithe. Dá thoradh seo, ní iarrtar "comhaid chrua" ar chuideachtaí beo a bheag nó a mhór.

Saoráid Cuardaigh ar Líne

In 2007 bhí sprioc againn go ndéanfaí 92% de chuardaigh ar líne. Thángthas ar an sprioc seo faoi Mheán Fómhair 2007. Rinneadh breis agus 93% de chuardaigh ar líne i Samhain, a léiríonn méadú de 2% ar an bhfigiúr i Samhain 2006.

Cáilíocht

Bíonn i bhfad níos lú earráidí ar thuairisceáin a comhdaítear go leictreonach ná mar a bhíonn orthu siúd a chomhdaítear ar pháipéar agus mar sin de is lúide an seans go gcuirfear ar ais chuig an gcuideachta iad le haghaidh ceartúchán. Sábháltar am agus airgead don chuideachta agus dá ngníomhairí agus don CRO freisin tríd seo. Cuirtear an choigilt chostais ar aghaidh chuig cliaint i bhfoirm táillí comhdaithe níos lú.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Dílárú

Forfheidhmíodh céad chéim de dhílárú na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) chuig Ceatharlach le héifeacht ó 30 Iúil, 2007, nuair a chuaigh 32 ball foirne de chuid an CRO i mbun dualgais in oifig nuathógtha ag Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.

Bíonn an oifig i gCeatharlach ag deileáil go príomha le tuairisceáin bhliantúla agus tá 1,400 tuairisceán bliantúil agus comhdú reachtúil ar an meán á bhfáil agus á bpróiseáil aici in aghaidh an lae. Tá trealamh ardchaighdeáin san oifig i gCeatharlach agus tá próiseas nua comhtháite fála agus scanta doiciméad á fheidhmiú aici leis an am a ghlacann sé chun doiciméid a chur ar fáil le go bhféadfadh an pobal iad a iniúchadh a laghdú. Is oifig lóisteálacha poist ámhain í an oifig agus níl cuntar poiblí inti. Tá oifig fiosrúchán poiblí agus lóisteálacha an CRO fós i mBaile Átha Cliath. Tá dílárú an chuid eile den CRO chuig Ceatharlach sceidealaithe do 2010.

CORE (Timpeallacht Cláraithe Ar Líne na gCuideachtaí)

Ligeann CORE do láithreoirí eolas cothrom le dáta a fheiceáil, i dtimpeallacht bhainistithe, ar chuideachtaí a bhfuil siad mar ghníomhairí comhdaithe orthu. Ligeann sé do chustaiméirí a ráitis agus idirbhearta cuntas a fheiceáil freisin. Rinneadh an timpeallacht ríomhchomhdaithe a comhtháthú mar chuid de CORE, rud a sholáthraíonn feidhmiúlacht i bhfad níos fearr do bhainistíocht foirmeacha ríomhchomhdaithe. Tá an t-éileamh air ag méadú i gcónaí, agus bhí breis agus 11,000 cuairteoir ar leith i nDeireadh Fómhair 2007. Tugadh isteach níos mó feidhmiúlachta in 2007 chun ligint do chustaiméirí a ráitis cuntais a íoslódáil. Cuireadh leagan Gaeilge leis freisin.

Aonad Eolais

Bhí líon na scairteanna gutháin a fuarthas le linn 2007 thart ar an líon a fuarthas le linn 2006 le beagnach 160,000 scairt a fuarthas le linn na bliana i.e. 3,048 scairt ar an meán in aghaidh na seachtaine. Tá córas láimhseála r-phoist ar fáil chun modhanna malartacha a thabhairt do chustaiméirí le dul i dteagmháil leis an oifig (**info@cro.ie**). Fuarthas agus tugadh freagra ar níos mó ná 15,740 r-phost le linn 2007. Is méadú é seo de 24% ar na r-phoist ar tugadh freagra orthu in 2006. Tugadh freagra ar 74% de na r-phoist laistigh de 8 n-uaire ó fuarthas iad.

Foilseacháin

D'fhoilsigh an CRO ríomhiris mhíosúil le linn 2007. Is feasachán leictreonach é seo a chuireann síntiúsóirí ar an eolas faoi fhorbairtí reatha laistigh den Oifig agus a chuireann imeachtaí amach anseo in iúl do shíntiúsóirí.

In Earrach 2007 eisíodh feasachán eolais chuig gach stiúrthóir cuideachta. San fheasachán, pléadh comhdú tuairisceáin bhliantúla ar líne agus pléadh athruithe i riachtanais nochta.

Saoráid Chárta Creidmheasa don Chustaiméar atá i Láthair

Roghnaíodh soláthróir tosaíochta do shaoráidí íocaíochta um chárta creidmheasa don chustaiméir atá i láthair. Cuirfear an forfheidhmiú i gcrích le linn 2008.

Caibidil 5 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidmiú Corparáideach

*Chuir an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach an seachtú Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 i láthair de bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí 2001. Tá an Tuarascáil iomlán le fáil ar láithreán gréasáin an ODCE ar **www.odce.ie**. Seo a leanas achoimre ar an Tuarascáil.*

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE)

Bhí tionchar dearfach ag an ODCE in 2007 go fóill maidir le caighdeáin a fheabhsú i leith comhlíonadh dualgas faoi dhlí na gcuideachtaí. I ndeireadh 2007, rinne an ODCE taighde neamhspleách margaidh a choimisiúnú ar cháilíocht thimpeallacht dhlí na gcuideachtaí, agus lorgaíodh tuairimí de shampla 299 stiúrthóir, 100 cuntasóir agus 41 leachtaitheoir. San iomlán, b'ábhar misniúil é na torthaí. Áiríodh ar na príomhthorthaí:

- bhí sé iontach éasca nó measartha éasca ag 68% de stiúrthóirí dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh;
- mheas 73% de stiúrthóirí go raibh siad iontach nó measartha eolach ar an ODCE;
- thuairiscigh 89% de na freagróirí ar fad comhlíonadh níos fearr le dlí na gcuideachtaí le cúig bliana anuas;
- mheas 81% de na freagróirí ar fad go raibh an ODCE iontach nó measartha éifeachtach ag comhlíonadh a shainchúraim comhlíonta agus forfheidhmithe.

Bhí toradh amháin ón taighde a thug misneach dúinn go háirithe agus ba é sin ná gur bhraith tromlach de na freagróirí gurbh é comhlíonadh príomhról shainchúram na hOifige.
I suirbhé eile de 1,000 duine den phobal i gcoitinne, cheap 52% go raibh cuideachtaí go maith maidir lena ndualgas um dhlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh, feabhsú de 2% ar thoradh 2005.

Ar na gnéithe de gníomhaíocht chomhlíonta agus fhorfheidhmithe an ODCE in 2007 bhí:

- glacadh le Stráitéis nua Cumarsáide a bhfuil sí mar aidhm aici raon iarrachtaí comhlíonta an ODCE a leathnú. Ar na bearta a glacadh de bhun na Stráitéise seo bhí:
- craoladh den chéad uair go mall in 2007 sraith fógraí ar raidió náisiúnta a dhírigh aird ar shaincheisteanna coitianta dhlí na gcuideachtaí a bhíonn ag stiúrthóirí cuideachtaí agus scairshealbhóirí;
- lainseáil láithreán gréasáin nua na hOifige a tharraing 150,000 cuairteoir air;

- rannpháirtíocht fhoireann na hOifige i níos mó ná 50 comhdháil, seimineár agus taispeántas a chothaigh comhlíonadh le dualgais faoi dhlí na gcuideachtaí;

- méadú suntasach (146%) i líon na ngearán a fuarthas faoi rialú chuideachtaí bainistithe réadmhaoine. Ar an drochuair níor bhain tromlach na ngearán le dlí na gcuideachtaí agus ní raibh an ODCE in ann cabhrú dá bhrí sin. Foilseoidh an Oifig Lámhleabhar Rialaithe do na cuideachtaí seo in 2008 ar shaincheisteanna a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, le dul i ngleic leis na heasnaimh sa réimse seo;

- dícháiliú 14 duine mar gheall ar imeachtaí ODCE san Ard-Chúirt (14 dícháiliú agus dhá shrianadh in 2006);

- ciontú 28 cuideachta, stiúrthóir agus eile as sáruithe ar dhualgais dhlí na gcuideachtaí (48 ciontú in 2006). Léiríonn an laghdú mian na hOifige chun coinneáil le raon leathan cásanna forfheidhmithe inter alia. Bíonn fiosrúchán ar chásanna níos mó agus níos casta i gceist leis seo a ghlacann níos mó ama le cur i gcrích mar gheall air sin;

- srianadh breis agus 120 stiúrthóir cuideachtaí dócmhainneacha (113 in 2006). Shrian an Ard-Chúirt an chuid is mó dóibh ar iarratas leachtaitheoirí de bhun a ndualgas faoi dhlí na gcuideachtaí;

- caiteachas de €4.37 milliún chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht na hOifige (méadú de 30% ar an gcaiteachas de €3.36 milliún in 2006). Tá maoiniú de €4.96 milliún (suas 13%) curtha ar fáil do 2008 chun costais réamh-mheasta na hOifige a ghlanadh;

- cinneadh na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun ocht mball foirne eile a earcú san Oifig, agus earcaíodh ceathrar acu ag deireadh na bliana. Gheall Coimisinéir na nGardaí go gcuirfear Garda Bleachtaire eile chuig an Oifig go luath in 2008.

Ar na nithe suntasacha a bhain an ODCE amach in 2007 bhí na héachtaí seo a leanas:

- laghdú de 43% i dtarlú tuairiscithe nuair a bhaineann stiúrthóirí úsáid as cistí cuideachtaí go mídhleathach ar mhaithe lena n-úsáid féin i ndiaidh feachtas ODCE faoin réimse a rinneadh le déanaí;

- dícháiliú 12 bliain de stiúrthóir cuideachta a thug neamhaird arís agus arís eile ar leasa creidiúnaithe i líon mhór cuideachtaí dócmhainneacha. Is é seo an téarma is faide dícháilithe a gearradh in aon imeacht ODCE go dtí seo;

- ráta ratha 100% ag a imeachtaí dícháilithe i gcoinne triúir a cáineadh i dTuarascáil Chigirí Ansbacher. Tá obair an ODCE a d'éirigh as an Tuarascáil seo curtha i gcrích anois;

- cinneadh na hArd-Chúirte chun iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin Bhanc Náisiúnta na hÉireann Teoranta a dhícháiliú de dheasca Thuarascáil na gCigirí. Tá an cinneadh seo anois á achomharc sa Chúirt Uachtarach ag an duine sin.

Tá Tuarascáil Bhliantúil an ODCE do 2007 ar fáil ar line ag www.odce.ie. Chomh maith leis sin, is féidir cóip a lorg saor in aisce trí scairt gutháin a chur ar an oifig ar (01) 8585800 nó trí r-phost a chur chuig info@odce.ie.

Caibidil 6 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Éilítear ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann faoi Alt 22 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire nach déanaí ná 4 mhí i ndiaidh dheireadh bhliain airgeadais an IAASA agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais nach déanaí ná 6 mhí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais. Is í seo a leanas achoimre ar an Tuarascáil.

Bunú & Ról Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Rinne Cuid 2 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 ('an tAcht') foráil do bhunú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ('an tÚdarás). De bhun fhorálacha alt 5 den Acht, tá feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis á bhfheidhmiú trí chuideachta atá teoranta ó thaobh ráthaíochta de a ionchorpraíodh ar 20 Nollaig 2005 agus a d'ainmnigh an tAire Trádála & Tráchtála don chuspóir sin.

Forálann alt 8 den Acht gurb iad cuspóirí an Údaráis ná:
• feidhmiú mar fhoinse speisialtóireachta chun comhairle a thabhairt don Aire ar chúrsaí iniúchóireachta agus cuntasóireachta.

- maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a dhéanann na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe rialáil agus monatóireacht ar a gcuid comhaltaí;
- dílse d'ardchaighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn i ngairmeacha an iniúchóireachta agus na cuntasaíochta;
- monatóireacht a dhéanamh ar cé acu an gcloíonn cuntais agus gnóthais eile de chuid aicmí áirithe le cuideachtaí Achtanna na gCuideachtaí; agus
- feidhmiú mar fhoinse speisialtóireachta chun comhairle a thabhairt don Aire ar chúrsaí iniúchóireachta agus cuntasóireachta.

Bhronn an tAire Trádála agus Tráchtála formhór na bhfeidhmeanna a bhforáiltear san Acht ar an Údarás trí Ionstraim Reachtúil Uimh. 56 de 2006 (an tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 (Tosach Feidhme), 2006) dar dáta 2 Feabhra 2006.

Ina theannta sin, ainmníodh an tÚdarás mar údarás inniúil chun críocha Airteagal 24(4)(h) Treoir Trédhearcachta an AE i rith na bliana. Sa cháil sin, bíonn an tÚdarás freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú tréimhsiúil airgeadais eisitheoirí áirithe le go gcomhlíontar ceanglais na Treorach.

Príomhghníomhaíochtaí an Údaráis le linn 2007

Le linn na bliana:

- lean an tÚdarás lena chlár athbhreithnithe ar shocruithe rialála agus monatóireachta na gcomhlachtaí forordaithe cuntasaíochta;

- rinne an tÚdarás breithniú ar roinnt mhaith moltaí ó chomhlachtaí forordaithe cuntasíochta le haghaidh fhaomhadh a mbunreachtanna, a bhfodhlíthe, a nósanna imeachta iniúchta agus araíonachta agus a gcaighdeán agus leasú orthu de réir Alt 9 (2) (c) den Acht;

- lean an tÚdarás lena hiniúchadh ar iarratas ar stádas Comhlachta Aitheanta Cuntasaíochta a fuarthas ó cheann de na comhlachtaí forordaithe cuntasaíochta. Bhí an t-iniúchadh fós á dhéanamh ag deireadh na bliana;

- rinne an tÚdarás iniúchadh ar roinnt gearán a bhain leis na comhlachtaí forordaithe cuntasaíochta agus a gcomhaltaí;

- chuir an tÚdarás tús lena hathbhreithniú ar thuairiscí tréimhsiúla airgeadais de chuid eisitheoirí a comhdaíodh faoi cheanglais Threoir Trédhearcachta an AE;

- ghlac an tÚdarás páirt i bpróiseas comhairliúcháin maidir le fiosrúcháin Alt 23, a raibh cur i gcrích agus eisiúint de shraith Rialachán chun na críocha sin mar thoradh air;

- chuir an tÚdarás comhairliúchán i gcrích maidir leis an tsaincheist chun cosaint reachtúil a thabhairt don téarma ‘*cuntasóir*’ agus mhol sé don Aire Trádála & Tráchtála gur chóir go mbeadh úsáid an téarma ‘*cuntasóir*’ teoranta do dhaoine áirithe;

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais mionsonraithe maidir le feidhmeanna, cumhachtaí, ról etc. an Údaráis ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag **www.iaasa.ie**

Caibidil 7 Painéal Táthcheangail na hÉireann

*Chuir Painéal Táthcheangail na hÉireann a Dheichiú Tuarascáil Bhliantúil i láthair de bhun Alt 19 den Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997. Tá an Tuarascáil, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Iúil 2006 go dtí 30 Meitheamh 2007, ar fáil ar láithreán gréasáin Phainéal Táthcheangail na hÉireann **www.irishtakeoverpanel.ie**. Seo a leanas achoimre ón bPainéal ar an Tuarascáil.*

Gníomhaíochtaí Phainéal Táthcheangail na hÉireann in 2007

Bhí bliain ghnóthach ag an bPainéal ag déanamh maoirseachta ar ocht dtáthcheangal. Bhí an leibhéal is airde gníomhaíochta táthcheangail le linn na bliana seo ón mbliain dar chríoch 30 Meitheamh 2003.

Tar éis Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tairiscintí Táthcheangail (Treoir 2004/25/CE)) 2006 a thabhairt isteach bhí roinnt neamhréireachtaí agus deacrachtaí a bhain leis na Rialacha Táthcheangail. Ba é an deacracht ba shuntasaí ná nár bhain na Rialacha go haonfhoirmeach le gach cuideachta agus idirbheart atá faoi dhlínse an Phainéil. Bhí an Painéal ag iarraidh cumhachtaí breise a fháil d'fhonn go mbeadh sé ábalta na deacrachtaí seo a réiteach agus, dá dheasca sin, tugadh cumhachtaí áirithe don Phainéal i gCuid 4 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 (a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2007). Mar gheall air seo, bhí an Painéal ábalta Rialacha leasuithe a fhoilsiú a chuir deireadh le cuid mhór de na neamhréireachtaí agus deacrachtaí réamhluaite.

Nuair a fhoilseofar na Rialacha nua, tá sé beartaithe ag an bPainéal tús a chur le grinn-athbhreithniú ar na Rialacha, lena n-áirítear athbhreithniú ar an dóigh a gcaitear le díorthaigh agus roghanna inter alia faoi na Rialacha. Thug an Painéal Táthcheangail sa Ríocht Aontaithe athruithe forleathana isteach ar gCód um Tháthcheangail maidir le díorthaigh agus roghanna in 2006 agus is dóchúil go dtabharfar roinnt de na hathruithe seo isteach sna Rialacha.

Le linn na bliana rinne an Painéal maoirseacht ar tháthcheangal cuideachta ábhartha a raibh scéimeanna iomaíocha socraithe i gceist leis. Is é seo an chéad idirbheart dá leithéid a ndearnadh maoirseacht air faoi na Rialacha agus tháinig roinnt saincheisteanna chun solais a bhaineann leis an dóigh a gcuirtear na Rialacha i bhfeidhm ar scéimeanna mar gheall air. Dá dheasca seo, tá sé beartaithe ag an bPainéal athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacha i gcomhthéacs na scéimeanna freisin agus ar cé acu ar chóir tráthúlacht áirithe de na Rialacha a chur i bhfeidhm ar na scéimeanna go háirithe.

Le linn na bliana, bhí baint ag an bPainéal freisin le hidirbheart "comhdhlínse" (mar a bhí i gceist leis an Treoir um Tháthcheangail) i dteannta leis an bPainéal Táthcheangail sa Ríocht Aontaithe. Cé nach ndearnadh aon thairiscint ar an gcuideachta ábhartha sa deireadh, léirigh an t-idirbheart gur féidir na cineálacha idirbheart seo a réiteach gan an iomarca deacrachta má roinntear na freagrachtaí (mar a forordaíodh sa Treoir um Tháthcheangail) idir na comhlachtaí rialála faoi seach. Is

cinnte go raibh an obair seo níos éasca ná mar a d'fhéadfadh sí a bheith mar gheall ar na comhchosúlachtaí idir ár Rialacha agus an Cód um Tháthcheangail agus na comhchosúlachtaí idir dlí na gcuideachtaí sa dá dhlínse. Déanfaidh an Painéal plé ar na Rialacha a úsáidfear in idirbheart "comhdhlínse" ar bhonn cás ar chás.

Thug an Committee of European Securities Regulators (CESR) cuireadh go gach údarás ainmnithe inniúil faoin Treoir um Tháthcheangail páirt a ghlacadh i líonra a bhfuil sí mar aidhm aige fóram a chur ar fáil inar féidir leis na húdaráis inniúla eolas agus eispéiris a mhalartú. Tá an Painéal ag glacadh páirte sa líonra seo.

Caibidil 8 Stocmhalartán na hÉireann

Forálann Alt 120 d'Acht na gCuideachtaí 1990 go soláthróidh stocmhalartán aitheanta tuarascáil bhliantúil don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fheidhmiú a fheidhmeanna faoi Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990 (Déileáil Chos Istigh). Tháinig na Rialacháin um Mí-úsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) isteach in áit Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990 den chuid is mó, agus cuireadh i bhfeidhm iad ar an 6 Iúil 2005, chomh fada is a bhaineann le hiontrálacha nó le hiarratais ar iontrálacha ar thrádáil ar mhargadh rialaithe. Tá ceanglas tuairiscithe ar an Stocmhalartán go fóill maidir le Déileáil Chos Istigh do Mhargadh an IEX.

Chuir an Stocmhalartán na Tuarascálacha Bliantúla seo a leanas faoi bhráid an Aire de bhun na bhforálacha thuas:

i. Tuarascáil Bhliantúil de bhun Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990
ii. Tuarascáil Bhliantúil de bhun Rialachán na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostuithe agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

(Ní áirítear na liostuithe mionsonraithe a soláthraíodh). Is féidir tuilleadh eolais ar Stocmhalartán na hÉireann a fháil ar a láithreán gréasáin ***www.ise.ie****.*

Tuarascáil Bhliantúil don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990

1. Cúlra

1.1. Cruthaíonn Cuid V d'Acht na gCuideachtaí, 1990 (an tAcht) cion de Dhéileáil Chos Istigh, agus forálann sé do smachtbhannaí coiriúla agus sibhialta maidir le sáruithe ar Chuid V.

1.2. Cuireann Alt 115(1) den Acht, arna leasú ag an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, dualgas reachtúil ar an údarás ábhartha ar stocmhalartán aitheanta chun tuarascáil a chur ar fáil don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa chás gur cosúil dó go ndearnadh cion de réir na reachtaíochta.

1.3. Chun críche Chuid V den Acht, is stocmhalartán aitheanta é Stocmhalartán na hÉireann. Faoi Alt 107 den Acht sainmhínítear údarás ábhartha mar seo:-

(a) a bhord stiúrthóirí, a choiste bainisteoirí nó comhlacht eile bainistíochta, nó

(b) a bhainisteoir, cibé cur síos a dhéantar air/uirthi.

1.4. Éilíonn Alt 120 den Acht ar Stocmhalartán na hÉireann, mar stocmhalartán aitheanta, go gcuirtear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní mór a chur san áireamh sa tuarascáil seo:

(a) líon na ngearán scríofa a fuarthas maidir le sáruithe féideartha ar Chuid V,

(b) líon na dtuairiscí a cuireadh faoi bhráid an Stiúrthóra um fhorfheidhmiú corparáideach faoi Chuid V,

(c) líon na gcásanna, i ndiaidh do na daoine údaraithe a gcumhachtaí a fheidhmiú faoi Chuid V, nár cuireadh tuairiscí faoi bhráid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina leith, agus

(d) eolas ar bith eile dá leithéid a bheadh forordaithe.

1.5. Ar an 6 Iúil 2005 achtaíodh na Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE), 2005 (Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh). Mar gheall air sin tá urrúis a dhéantar a thrádáil ar Phríomh-mhargadh an Mhalartáin anois laistigh de raon na Rialachán um Mí-Úsáid Margaidh agus baineann Cuid V le trádálacha in urrúis na hÉireann, a tharla roimh an 6 Iúil 2005 agus trádáil i ndiaidh an dáta seo in urrúis na hÉireann a rinneadh a thrádáil ar mhargadh Mhalartán Fiontraíochta na hÉireann (IEX) de chuid an Stocmhalartáin amháin. Ó tugadh isteach Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 ar 1 Samhain 2007, tá ceanglas ar an Malartán faoi Alt 67 (2) freisin de na Rialacháin sin chun iompar a d'fhéadfaí go mbeadh mí-úsáid margaidh i gceist leis maidir le hurrúis IEX a thuairisciú don Rialtóir Airgeadais.

Nádúr an Phróisis Imscrúdaithe

Go dtí an 6 Iúil 2005 thug daoine a bhí údaraithe faoi Alt 117 den Acht faoi imscrúdú ar sháruithe féideartha ar Chuid V. Is amhlaidh atá i gcónaí i gcás urrúis IEX. Faoi na Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh, tá cumhachtaí áirithe tairmligthe ag an Rialtóir Airgeadais (FR) ar an Malartán le haghaidh imscrúdaithe ar chásanna amhrasta de mhí-úsáid margaidh (lena n-áirítear déileáil chos istigh). Tá údarás ag an FR ar chinnteoireacht i ndáil le saincheisteanna mhí-úsáid margaidh agus tá dualgais tuairiscithe aige i ndáil le gníomhaíocht ar tugadh fúithi faoi na Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh.

I gcomhthéacs Chuid V, pleanálann, feidhmíonn agus tuairiscíonn daoine údaraithe torthaí a gcuid imscrúduithe i gcomhar le húdarás ábhartha den

Stocmhalartán, an Príomhfheidhmeannach de ghnáth. Tuairiscítear gach cás as a n-eascraíonn dualgas tuairiscithe faoi Alt 115 den Acht don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a luaithe agus is féidir tar éis don imscrúdú a bheith curtha i gcrích.

D'fhéadfaí go n-athrófaí nádúr an phróisis imscrúdaithe ag brath ar mhionsonraí gach cáis. Tá an próiseas imscrúdaithe struchtúraithe ar bhealach a chinntíonn na nithe seo a leanas áfach:

athbhreithniú iomlán ar na fíricí ar fad a bhaineann leis an imscrúdú,

tugtar aire chuí do chearta aon amhrasá(i)n maidir le nósanna imeachta cothroma a bheith acu,

cuirtear slabhra iomlán fianaise ar fáil chun tuairisciú cuimsitheach don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chinntiú, más gá.

Ina theannta sin, déantar tuairimí neamhspleácha saineolacha a lorg ó speisialtóirí tionscail agus/nó ó chomhairleoirí dlí má éilíonn cúinsí cáis ar leith a leithéid.

2. Tuarascáil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

2.1. De réir a dhualgais faoi Alt 120 den Acht, tuairiscíonn Stocmhalartán na hÉireann don Aire maidir lena ghníomhaíochtaí le linn 2007, mar a leanas:

(a) Fuarthas gearán scríofa amháin i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar Chuid V den Acht.

(b) Níor thug an Príomhfheidhmeannach nó an Bord, ina gcumais mar Údaráis Ábhartha faoi Chuid V den Acht, aon tuairisc don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndáil le cion amhrasta.

(c) D'fheidhmigh daoine údaraithe a gcumhachtaí reachtúla i ndáil le ceithre imscrúdú ar sháruithe amhrasta ar Chuid V. I dtrí cheann de na cásanna seo, cinneadh nár ghá tuairisc a chur faoi bhráid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Bhí imscrúdú amháin fós á dhéanamh ag deireadh 2007.

Níor fhorordaigh an tAire eolas ar bith eile faoi Alt 120(1)(d).

Tuarascáil Bhliantúil don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun Alt 10 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostuithe agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

1. Réamhrá

Rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stocmhalartán) 1984 (I.R. Uimh. 282 de 1984) a aisghairm linn 2007 agus tugadh isteach Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 (I.R. Uimh. 286 de 2007) ("na Rialacháin"). Forfheidhmíonn na Rialacháin an Treoir um Ghlacthaí Comhdhlúite agus Thuairisciú (2001/34/AE) ("an Treoir") i ndlí na hÉireann. Sna Rialacháin ceaptar Stocmhalartán na hÉireann mar Údarás Inniúil chun críocha na Treorach agus éilítear go dtugann sé tuarascáil bhliantúil don Aire Fiontar, [Trádála] agus Fostaíochta ar fheidhmiú a fheidhmeanna mar Údarás Inniúil.

Tá Bord Stocmhalartán na hÉireann Teoranta (an "Bord") ag cur an tríú tuarascáil bhliantúil is fiche ar fáil ar fheidhmiú a fheidhmeanna mar Údarás Inniúil sa Stát le linn 2007 de réir Alt 11, Paragraif (a) go dtí (e) de na Rialacháin, agus Alt 93(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990[1]. Ar mhaithe le hiomláine, tá eolas i ndáil le Malartán Fiontraíochta na hÉireann ("IEX") nach bhfuil faoi raon na Rialachán san áireamh sa tuarascáil seo.

2. Na Rialacháin

Ginearálta

Le linn 2007, lean an Bord leis ag comhlíonadh feidhmeanna an Údaráis Inniúil mar atá leagtha amach sna Rialacháin. Sa tréimhse seo, rinneadh príomhfheidhmeanna Údaráis Inniúla an Bhoird a tharmligean don Choiste Liostaithe um Ghnáthscaireanna agus an IEX, chuig an gCoiste Liostaithe um Fhiacha, chuig an gCoiste Liostaithe um Chistí Infheistíochta agus chuig Feidhmeannas Stocmhalartán na hÉireann agus thug na grúpaí seo faoi na feidhmeanna sin.

Le linn 2007, chuir Stocmhalartán na hÉireann coinníollacha i bhfeidhm a bhain le glacadh chuig an Liostú Oifigiúil de réir na Treorach. Chinntigh sé gur fhoilsigh aonáin, ar glacadh a scaireanna chuig liostú oifigiúil Stocmhalartán na hÉireann, eolas sa tréimhse 1 Eanáir 2007 go dtí 12 Meitheamh 2007, mar a éilíonn an Treoir[1]

Éilíonn na Rialacháin go dtugtar faoi na saincheanglais seo a leanas:

(a) Leasuithe ar Rialacha Liostaithe nó Leasuithe ar na Nósanna Imeachta

Leasaíodh Rialacha Liostaithe Stocmhalartán na hÉireann le linn 2007 a léiríonn:

(i) Leasuithe a d'éirigh ó fhorfheidhmiú na Treorach Trédhearcachta in Éirinn;

(ii) Leasuithe a bhí cosúil leo siúd a thug an Financial Services Authority isteach sa Ríocht Aontaithe ar 6 Lúnasa 2007; agus

(iii) Líon beag athruithe eile chun tuilleadh soiléire nó nuashonraithe a thabhairt le haghaidh athruithe ar reachtaíocht na hÉireann.

(b) Nádúr na n-urrús ar fad a ghlactar ar an Liostú Oifigiúil agus ar an Malartán Fiontraíochta na hÉireann ("IEX").

Glacadh roinnt cineálacha urrús ar an Liostú Oifigiúil agus ar an IEX i rith 2007 mar a leanas:

(i) Stáit agus a gcuid údarás réigiúnach nó áitiúil

Glacadh banna amháin nua ó Rialtas na hÉireann (4.5% Banna Státchiste 2018) ar an Liostú Oifigiúil le linn 2007.

(ii) Cuideachtaí agus eisitheoirí nach Stáit iad nó a gcuid údarás réigiúnach nó áitiúil.

Gnátheisiúintí caipitil de chuid cuideachtaí atá cláraithe in Éirinn agus thar lear a bhí sna hurrúis a glacadh, lena n-áiríodh gnáthscaireanna, ús seasta, stoc iasachta, stoc tosaíochta, bintiúir, UCITS agus cistí infheistíochta.

(c) Diúltú d'iarratas ar bith a glacadh ar an Liostú Oifigiúil agus ar an IEX

In 2007 níor diúltaíodh d'aon iarratas a ghlacadh ar an Liostú Oifigiúil agus ar an IEX.

(d) Fionraí nó scor d'aon Liostú Oifigiúil nó IEX

Seachas na hurrúis sin de chuid an Rialtais a bhí ag aibiú in 2007, cuireadh 5005 urrús ar ceal agus cuireadh 37 urrús ar fionraí.

(e) Aon socrú speisialta atá déanta leis na Ballstáit de bhun Airteagal 13 den Treoir

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhí sé riachtanach comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh leis an Údarás Inniúil sa Ríocht Aontaithe maidir le hurrúis Éireannacha ar Liosta Oifigiúil an Financial Services Authority ("FSA"). Tá caidreamh ar chomhchosúil coinnithe ag Stocmhalartán na hÉireann leis an FSA agus a bhí ann an bhliain roimhe sin.

Níor tháinig cúinsí ar bith eile a d'éiligh aon socrú speisialta nó comhoibriú leis na hÚdaráis Inniúla sna Ballstáit eile chun solais.

3. Acht na gCuideachtaí 1990

Déanann Ailt 90 go dtí 96 d'Acht na gCuideachtaí 1990, inter alia, ceanglais a leagan amach i ndáil le dualgais chun an Malartán a chur ar an eolas go díreach i gcás go bhfaightear scaireanna nó go ndiúscaítear iad agus go dtéann leas scairshealbhóra i gcuideachta atá ar an Liosta Oifigiúil thar thairseach 10%, 25%, 50%, nó 75% nó faoi na tairseacha dá bharr, chomh maith le dualgais an Mhalartáin i gcás aon neamhchomhlíonta fhollasaigh. Éilíonn Alt 93 d'Acht na gCuideachtaí 1990 go dtugann an Stocmhalartán tuairisc ar roinnt míreanna áirithe a leagtar amach in (a) go dtí (c) thíos.

Sa tréimhse 1 Eanáir 2007 go dtí 12 Meitheamh 2007[2]

(a) Ní bhfuarthas aon ghearán scríofa ag maíomh sáruithe féideartha ar Alt 91 (dualgas leasanna áirithe a chur in iúl don Mhalartán).

(b) Ní dhearnadh aon tuairisc faoi Alt 92 (dualgas an údaráis ábhartha chun tuairisc a thabhairt d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach).

(c) Níor feidhmíodh aon chumhachtaí faoi Alt 117 arna fheidhmiú ag Alt 92.

Caibidil 9 Eorairéiteach An Ríocht Aontaithe & Éire (EUI)

Forálann Rialacháin 1996 (Urrúis Neamhdeimhnithe) Acht na gCuideachtaí 1990 (I.R. Uimh. 68 de 1996) do chóras leictreonach um shocraíochtaí scaireanna. Tugtar CREST ar an gcóras agus is le CRESTCo Ltd. é agus is iad a oibríonn é. Bhí an córas i bhfeidhm ó Iúil 1996, ag socrú urrús Éireannach ó Dheireadh Fómhair 1996. Ar 1 Iúil athraíodh an t-ainm dleathach agus oibríochta ó CRESTCo Limited go dtí Eorairéiteach an Ríocht Aontaithe & Éire (EUI). Ba chéim nadúrtha chun cinn í seo, ag tarlú cúig bliana i ndiaidh an chumaisc idir CRESTCo agus Eorairéiteach SA/NV, agus tharla sí i ndiaidh láinseáil an Innill Aonair Socraithe in 2006. Chomh maith leis sin, athraíodh Bord CRESTCo go dtí Bord an EUI, leis na comhaltaí céanna agus na freagrachtaí céanna maoirseachta agus a bhí ag Bord CRESTCo.
Tá Tuarascáil Bhliantúil an EUI curtha faoi bhráid an Aire de bhun alt 34 de na Rialacháin thuas agus tá fáil ar an tuarascáil ar ***www.euroclear.com*** *Déanann EUI achoimre ar mhórfhorbairtí in 2007 mar a leanas:*

Bhí líon i bhfad níos airde d'idirbhearta in 2007 de dheasca éagobhsaíochta sa mhargadh. Bhí líon na n-idirbheart a socraíodh níos mó ná 313,000 in aghaidh an lae ar an meán agus socraíodh breis agus 79 milliún idirbheart sa bhliain. Mhéadaigh gluaiseachtaí airgid agus stoic go £0.9 trilliún agus £1.4 trilliún faoi seach.

D'fhéach Eorairéiteach RA & Éire (EUI) le feabhsuithe leanúnacha a fháil le linn 2007 chun éileamh acmhainne agus cobhsaíocht táirgeachta a bhainistiú agus chun feidhmíocht an chórais a fheabhsú. Léirigh cumas an chórais chun na méideanna thar na bearta a bhí ann i Lúnasa agus arís in Eanáir 08 a láimhseáil gur éirigh go hiontach leis an EUI.

Le linn 2007 bhí iontaofacht seirbhíse ar ais ag 100% a rabhthas ag dúil leis i gcás roinnt míonna, agus bhí an cuid eile den bhliain níos cobhsaí ná mar a bhí sa dara leath de 2006. Cé go raibh roinnt éartha ann, tá leasuithe curtha i bhfeidhm againn lena chinntiú nach dtarlaíonn na fadhbanna céanna arís.

Mar chuid lárnach den bhonneagar airgeadais, féachann an EUI agus seirbhísí tacaíochta Eorairéiteach SA/NV leis na leibhéil is airde soláthar seirbhíse is féidir a choimeád, trína chinntiú go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm agus go gcloítear go daingean leo.

Cé go bhfuil fócas na gníomhaíochta forbartha dírithe anois ar na haidhmeanna straitéise amach anseo maidir le comhdhlúthú an chláir oibre leanamar le forbairt a dhéanamh ar chóras na Ríochta Aontaithe.

I Márta 2007, thugamar athruithe isteach lena ligean d'ionchur díreach ar threoracha sheachadadh de réir luacha (DBV) agus ar íocaíochtaí úis ghaolmhara do chomhaontú

athcheannaigh chun tacaíocht a thabhairt do sheirbhís Repoclear Sterling General Collateral de chuid LCH Clearnet.

In Aibreán 2007, i gcomhar le Eurex Clearing AG, lainseálamar seirbhís lárnach contrapháirtí le haghaidh sheachadadh na n-urrús atá taobh thiar de roghanna gnáthscaire na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a dhéantar a thrádáil ar Mhalartáin Eurex, nó a ionchuirtear go déthaobhach ar chóras Clearing AG de cuid Eurex.

I Samhain 2007 tugadh isteach tuairisciú idirbheart MiFID. Mar sin de, tugadh údarú don EUI chun tuairiscí idirbheart a chur isteach chuig an Údarás Seirbhísí Airgeadais thar ceann ár n-úsáideoirí. Bhí seirbhísí tuairiscithe idirbheart oiriúnaithe mar gheall ar na hathruithe a tugadh isteach, agus bíonn cliaint ábalta a bhfreagrachtaí tuairiscithe idirbheart a chomhlíonadh ar bhealach solúbtha agus éifeachtach ó thaobh costais de.

Sa chéad ráithe in 2008, cuirfidh EUI níos mó feabhais ar a sheirbhísí contrapháirtí lárnaigh (CCP) mar thacaíocht do thionscnamh Stocmhalartán Londan (LSE) chun rogha CCP a thabhairt i gcás trádálacha a rinneadh a thrádáil ar chlár trádála SETS. Chomh maith lena bheith ábalta trádálacha a imréiteach trí LCH.Clearnet Ltd (LCH.Clearnet), tabharfar rogha do chomhaltaí trádála trádálacha a imréiteach trí SIS x-clear (x-clear).

I ndiaidh comhairliúchán rathúil margaidh, cuireadh raon agus feidhmeanna Chumhdach Ardáin Aonair i gcrích. Mar gheall air seo, d'fhoilsíomar sraith doiciméad a bhí dírithe ar chliantghnólachtaí a chuirfidh mionathruithe ar a gcórais nó a n-oibríochtaí i bhfeidhm. Soláthraíodh doiciméadú faoi Mhiontuairiscí Seirbhíse, faoi Fhoclóirí Sonraí, agus faoi Chomhéadán Coiteann Cumarsáide (CCI) le go mbeadh cliaint ábalta athruithe cúloifige a chur i bhfeidhm.

Míniúchán ar na Téarmaí a Úsáidtear sa Tuarascáil

Ní míniúcháin dhlíthiúla iad na sainmhínithe thíos.

Teoranta Príobháideach: Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta don mhéid, más ann dó, nach bhfuil íoctha ar a gcuid scaireanna.
Uasmhéid 99 scairshealbhóir (ní áirítear fostaithe).
D'fhéadfadh comhalta aonair a bheith iontu.
Ceart srianta scaireanna a aistriú.
Ní cheadmhach scaireanna a chur ar díol don phobal.

Teoranta Poiblí: Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta.
7 scairshealbhóir ar a laghad.
Níl aon uasmhéid ar líon na scairshealbhóirí.
Féadtar scaireanna a chur ar díol don phobal.
Ní cheadmhach tús a chur le gnó nó cumhachtaí iasachta a fheidhmiú mura bhfuil íosmhéid scairchaipitil de €38,092.14 ann, agus 25% den mhéid seo ar a laghad a bheith íoctha go hiomlán.

Cuideachtaí Ráthaíochta: Is féidir scairchaipiteal a bheith ann nó gan a bheith ann.
Ní mór do na hAirteagail fógra a dhéanamh faoi líon na gcomhaltaí ar mhaith leis an gcuideachta a bheith cláraithe.
Is cuideachta phoiblí í mura bhfuil aon scairchaipiteal i gceist agus ní mór ar a laghad 7 gcomhalta a bheith aici.
Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta do mhéid na ráthaíochta atá sonraithe sa Mheabhrán Comhlachais agus, sa chás go bhfuil scairchaipiteal ann, tá sé teoranta don mhéid, más ann dó, atá neamhíoctha ar a gcuid scaireanna.

Neamhtheoranta: Tá dliteanas na gcomhaltaí neamhtheoranta.
Is féidir scairchaipiteal a bheith ann nó gan a bheith ann.
Ní mór do na hAirteagail fógra a dhéanamh faoi líon na gcomhaltaí ar mhaith leis an gcuideachta a bheith cláraithe.
Más cuideachta phríobháideach í, íosmhéid de 2 scairshealbhóir agus uasmhéid de 50 a cheadaítear.
Más cuideachta phoiblí, íosmhéid de 7 scairshealbhóir agus níl teorainn ar an uasmhéid.

UCITS: Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe –
An t-aon cuspóir amháin atá ann ná comhinfheistíocht a dhéanamh in urrúis inaistrithe caipitil a cruinníodh ón bpobal agus a bhfeidhmíonn ar an bprionsabal riosca a scaipeadh.

EEIG: Grúpáil Leas Eacnamaíoch na hEorpa –
Éascaíonn sé gníomhaíochtaí eacnamaíocha na gcomhaltaí.

Ní bhíonn brabús ná caillteanas acu.
Tugtar brabúis nó caillteanais ar ais do na comhaltaí.
Comhoibríonn sé thar theorainneacha náisiúnta laistigh den AE.
Íosmhéid de 3 chomhalta agus uasmhéid de 20 comhalta.
Ní cheadmhach infheistíocht a iarraidh ón bpobal.

Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar an 31 Nollaig 2007

Faoi fhorálacha ailt 307 d'Acht na gCuideachtaí 1963, ní mór do leachtóir cuideachta a bhfuil deireadh curtha léi go deonach agus atá ar tí leachtaithe díbhinní agus iarmhéideanna neamhéilithe a lóisteáil i gCuntas Leachtaithe na gCuideachtaí. Bíonn an Cuntas faoi chumhacht na hArd-Chúirte. De réir an Achta, mura n-éilítear an t-airgead seo laistigh de sheacht mbliana, gheobhaidh an Stát é.

Féadtar iarratas ar dhíscaoileadh ón gCuntas a dhéanamh trí iarratas a chur os comhair na hArd-Chúirte mar a fhoráiltear le hOrdú 77 Riail 90 de Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha. Níor chóir iarratas a chomhdú ach amháin i leith díbhinní neamhéilithe a lóisteáladh sa Chuntas tráth nach faide ná seacht mbliana roimh dháta eisithe an Achainí. I ngach cás eile, ba chóir an t-iarratas a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais.

Tá liosta thíos de na cuideachtaí agus de na héarlaisí a bhí i gCuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar an 31 Nollaig 2007, i ngach aon chás, coinnítear na héarlaisí i gCuntas Infheistíochta Permanent TSB:

TEIDEAL	**ÉARLAIS**
Leinster Express (1972) Ltd	€73.89 TSB Inv A/C
Orwell Dist. Ltd	€17,187.33 TSB Inv A/C
Atlasta Toole Eng. Co. Ltd.	€99.88 TSB Inv A/C
McCairns (PMPA) PLC	€54,120.10 TSB Inv A/C
Suirway Forklifts Ltd	€113.88 TSB Inv A/C
NU - Plast (Arklow) Ltd	€17,662.95 TSB Inv A/C
Thermal Refrigeration Ltd	€948.49 TSB Inv A/C
R J Campbell (Builders) Ltd	€454.81 TSB Inv A/C
Leinster Credit Ltd	€2,516.58 TSB Inv A/C
Keenan Bros. Ltd	€9,445.12 TSB Inv A/C
Clare Textiles	€251.62 TSB Inv A/C
WKLR Supporters	€2,129.14 TSB Inv A/C
Printing Appliances Sales & Services	€2,002.54 TSB Inv A/C
Athboy Co-Op Ltd	€33,324.32 TSB Inv A/C
McCrae Ltd	€187.17 TSB Inv A/C
Metro Investments	€107.36 TSB Inv A/C
Impshire Thoroughbreds	€56,549.28 TSB Inv A/C
Sun Laboratories Irl Ltd	€7,420.02 TSB Inv A/C
Lazard Global Liquidity Fund	€58,549.28 TSB Inv A/C
Decvale Ltd	€263.78 TSB Inv A/C
MJB Developments Ltd	€218.79 TSB Inv A/C
Ranks (Ireland) Ltd	€48.66 TSB Inv A/C
Mornington Fish Products Ltd	€13,553.27 TSB Inv A/C
George Bell (Agencies) Ltd	€519.53 TSB Inv A/C
Eisc Teoranta	€1,938.50 TSB Inv A/C
AP Byrne Ltd	€3,672.19 TSB Inv A/C
Meridian Capital Markets	€11,756.621 TSB Inv A/C
Century Communications Ltd.	€8.00 TSB Inv A/C

Seirbhisi na nOileán Teoranta	€2,097.00 TSB Inv A/C
Sliogan Eisc na nOileán Teoranta	€1,758.00 TSB Inv A/C
Carmel International Textiles Ltd.	€5,034.00 TSB Inv A/C
Private Motorists Protection Assoc. Ltd.	€1,792.84 TSB Inv A/C
PMPA Oil Co Ltd	€429.63 TSB Inv A/C
Farm Fresh Frozen Foods	€4,328.96 TSB Inv A/C
H Williams (Tallaght) Ltd	€6,869.87 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Arklow) Ltd	€913.85 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Athy) Ltd	€429.89 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Carrick) Ltd	€280.28 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Clonmel) Ltd	€4,388.00 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Dundalk) Ltd	€2,444.62 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Kells) Ltd	€362.80 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Longmile) Ltd	€16,713.08 TSB Inv A/C
PMPA Garage (North Strand) Ltd	€5,696.59 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Athlone) Ltd	€75.95 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Ballina) Ltd	€3,435.55 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Blayney) Ltd	€370.69 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Bray) Ltd	€1,268.85 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Cashel) Ltd	€1,278.86 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Cavan) Ltd	€1,103.17 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Letterkenny) Ltd	€411.52 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Midleton) Ltd	€2,085.04 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Mullingar) Ltd	€166.30 TSB Inv A/C
McCairns Motors (Waterford) Ltd	€1,782.39 TSB Inv A/C
Orbitex Investment Funds PLC	€12,281.41 TSB Inv A/C
Newbridge Holdings	€9,824.56 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Thurles) Ltd	€ 968.37 TSB Inv A/C
James McMenamin Ltd	€ 3,823.00 TSB Inv A/C
Clara Candy Ltd	€694.57 TSB Inv A/C
Indequip Ltd	€ 585.11 TSB Inv A/C
International Motor Factors (Ireland) Ltd	€ 607.13 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Roscrea) Ltd	€ 231.14 TSB Inv A/C
PMPA Garage (Portlaoise) Ltd	€777.99 TSB Inv A/C
North Garage (PMPA) Ltd	€ 503.71 TSB Inv A/C
Merrill Lynch Defined Returns PLC	€108,620.09 TSB Inv A/C
Dublin Cargo Handling Ltd	€ 8,427.84 TSB Inv A/C
Close FTSE 100Income & Growth Fund PLC	€15,415.25 TSB Inv A/C
Transaer International Airlines Ltd	€ 7,254.14 TSB Inv A/C
Mark Synnott (Life & Pensions) Brokers Ltd	€3,108.59 TSB Inv A/C
GLG Investments 2 Plc	€7,916.78 TSB Inv A/C
The Equitable Insurance Company Ltd	€60,644.67 TSB Inv A/C
Crannac Co-Operative Society Ltd	€95,947.20 TSB Inv A/C
PCS Adjusters Ltd	€761.18 TSB Inv A/C
Frank McGivern Ltd	€616.37 TSB Inv A/C
Keno Fun Foods Ltd	€300.83 TSB Inv A/C
Swiss Life Funds (IRL) Plc	€14,100.48 TSB Inv A/C
Hospitals' Trust (1940) Ltd	€801.98 TSB Inv A/C
White Strand Motor Inn Ltd	€1,057.24 TSB Inv A/C

Interclaim Recovery Ltd	€1,283.00 TSB Inv A/C
Malachy Quinn (Machinery) Ltd	€462.67 TSB Inv A/C

Scéimeanna Comhinfheistíochta

Féadtar Scéimeanna Comhinfheistíochta a bhunú ar roinnt bealaí éagsúla ach i ngach cás tugann an Rialtóir Airgeadais faoi údarú agus faoi mhaoirseacht ar na scéimeanna seo. Mar chuid dá Thuarascáil Bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais (a fhaomhann an Rialtas agus a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais), tugann an Rialtóir Airgeadais tuairisc ar an ngníomhaíocht seo.

Seo a leanas achoimre ar an reachtaíocht a rialaíonn Scéimeanna Comhinfheistíochta mar aon leis na cineálacha scéimeanna, arbh fhéidir a bhunú:

UCITS (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) - arna rialú ag Rialacháin a thrasuíonn Treoracha AE		
Iontaobhas Aonaid	Cuideachta Infheistíochta	Comhchiste Conarthach

Neamh-UCITS - arna rialú ag dlí príomhúil				
An tAcht um Iontaobhais Aonaid 1990	Cuid XIII d'Acht na gCuideachtaí 1990	An tAcht um Comhpháirtíochtaí Teoranta 1994	An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005	An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006
Iontaobhas Aonaid	Cuideachta Infheistíochta	Comhpháirtíocht	Comhchiste Conarthach	Éagsúil

Teagmhálacha Úsáideacha sa Roinn maidir le nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí

Naisc láithreán gréasáin

Rannóga Dhlí na gCuideachtaí sa Roinn **www.entemp.ie**
An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta **www.clrg.org**

Tá na míreanna seo a leanas sa réimse Dlí Cuideachta lonnaithe sa
Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
Ionad Phort an Iarla,
Sráid Haiste Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Tá an Rannán faoi cheannas Breda Power, Rúnaí Cúnta. Tá ceithre rannóg laistigh den rannán.

Dlí na gCuideachtaí AE/Reachtaíocht & Riarachán

Tá an rannóg seo foroinnte in dhá réimse oibre:

Ullmhú agus dréachtú reachtaíochta i ndáil le dlí na gcuideachtaí, idirbheartaíocht a dhéanamh ar mholta an AE i leith dhlí na gcuideachtaí agus trasuí moltaí an AE i ndlí na hÉireann.
companylawlegeu@entemp.ie

Is é ról na rannóige Riaracháin ná comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i ndáil le comhlíonadh a fhreagrachtaí reachtúla, polasaithe agus bainistíochta faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006.
companylawadmin@entemp.ie

Athbhreithniú ar Dhlí na gCuideachtaí agus Rialáil Gnó

Tá an Rannóg ina rúnaíocht ar Ghrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí.
Ar phríomhthascanna na Rannóige, tá:

- clár oibre an Ghrúpa a bhrostú agus an tuarascáil shubstainteach ar thoradh í ar an gclár oibre a chur i láthair gach dara bliain, agus

- moltaí atá ag an nGrúpa Athbhreithnithe a chur ar aghaidh chuig an gcéim reachtaíochta faoi réir cheadú an Aire/Rialtais

www.entemp.ie

Seirbhísí Airgeadais Dhlí na gCuideachtaí

Is é ról an aonaid ná creatlach reachtach a chur ar fáil atá soiléir agus cuí le haghaidh modhanna corparáideacha agus eile a bhíonn in úsáid sa tionscal Sheirbhísí Airgeadais, an Tionscal Cistí san áireamh. Is é cuspóir an aonaid ná a chinntiú go bhfuil na forálacha reachtacha cuí i bhfeidhm le forbairt tairgí nua a éascú agus lena chinntiú go bhfuil go leor cosanta ag infheisteoirí.
www.entemp.ie

Aonad Reachtaíocht Comharchumann

Is é príomhról an aonaid ná comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i ndáil le comhlíonadh a fhreagrachtaí reachtúla, polasaí agus bainistíochta faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Choigiltis, faoi Achtanna na gCara-Chumann agus faoi Achtanna na gCeardchumann. Áirítear orthu seo freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar Chláraitheoir na gCara Chumann agus tacaíocht a thabhairt dó. Baineann an obair seo leis an gcreatlach reatha reachtach agus rialála agus leis na moltaí le haghaidh athruithe ar an réimeas reatha seo araon. Chuir an t-aonad tús le hathbhreithniú bunúsach ar an reachtaíocht reatha a bhaineann le cumainn tionscail agus choigiltis ("comharchumainn") agus cara-chumainn a mbeidh forfheidhmiú aon athruithe reachtacha a mheastar a bheith riachtanach nó inmhianaithe mar thoradh air laistigh de thréimhse ráiteas reatha straitéise na Roinne (2008 – 2010).

Déan teagmháil le **Dermot_Sheridan@entemp.ie**